

# Leabhar EISTIR

## Réamhrá

**1**<sup>1a</sup> Sa dara bliain de réimeas Aisiuéaróis Mhóir, ar an gcéad lá de Níosán, rinneadh taibhreamh do Mhordacaí mac Iáir, mac Shímeí, mac Chís, de threibh Bhiniáimin. <sup>1b</sup> Giúdach ab ea eisean, agus bhí cónaí air i gcathair Shúsa; fear tábhachtach ab ea é agus bhí ardghradam aige i gcúirt an rí. <sup>1c</sup> Duine ab ea é de na cimí a thug Nabúcadnazar rí na Bablóine leis ó Iarúsailéim mar aon le Iachóiniá rí Iúdáia. <sup>1d</sup> Seo é a thaibhreamh:

Féach! Bhí glórtha agus clampar, toirneach agus creathanna talún agus callóid ar fud na cruinne. <sup>1e</sup> Agus féach! Tháinig dhá dhragún mhóra amach agus iad réidh chun catha a chur ar a chéile agus ba mhór í a mbúir. <sup>1f</sup> Nuair a chualathas a nglór réitigh gach cine iad féin chun cogadh agus cath a chur ar chine na bhfíréan. <sup>1g</sup> Agus b'shin é lá an dorchadais agus an dainséir, lá na hanacra agus na hanbhainne, nuair a bhí eagla agus suaitheadh ina luí ar an talamh. <sup>1h</sup> Tháinig buaireamh mór ar chine na bhfíréan go léir, le heagla roimh na hoilc a bhí ag bagairt orthu, agus bhí coinne acu leis an mbás; ansin ghlaoigh siad chun Dé. <sup>1i</sup> Agus as a nglao rinneadh mar a bheadh



*abhainn mhór, tulca uisce, as tobar beag. <sup>1j</sup>D'éirigh an ghrian gona lánsoilse, agus ardaíodh lucht na huirísle agus shlog siad lucht na caithréime. <sup>1k</sup>Ar fheiceáil an taibhrimh sin do Mhordacaí, d'éirigh sé agus rinne a mhachnamh ar an scéal agus bhí sé ar a dhícheall ar feadh an lae go hoíche ag iarraidh a fháil amach cad ba chiall leis.*

*<sup>1l</sup>Bhí cónaí ar Mhordacaí sa chúirt in éineacht le Bigteán agus Teiris beirt de choillteáin an rí a bhí ag faire na cúirte. <sup>1m</sup>Chuala sé ag caint iad, agus rinne sé fiosrú ar a bpleananna agus fuair amach go raibh sé á bheartú acu lámh dhearg a imirt ar an rí Aisiuéaróis; d'inis sé don rí fúthu. <sup>1n</sup>Rinne an rí an bheirt choillteán a cheistiú go géar; d'admhaíodar a gcion agus cuireadh chun báis iad. <sup>1o</sup>Bhreac an rí féin tuairisc ar na nithe sin ar phár ina annála agus scríobh Mordacaí síos a chuimhne ina dtaobh chomh maith. <sup>1p</sup>Ansin cheap an rí Mordacaí in ardghradam sa chúirt agus bhronn tíolacthaí air de bharr a ndearna sé. <sup>1q</sup>Ach Hámán mac Hamadátá an Búgaech, bhí meas mór ag an rí air agus bhí sé ar a dhícheall ag iarraidh díobháil a dhéanamh do Mhordacaí de bharr beirt choillteán an rí.*

## Aisiuéaróis agus Vaistí

**1** Le linn Aisiuéaróis – an tAisiuéaróis a bhí i réim os cionn céad seacht gcúige is fiche ón Ind go dtí an Aetóip – <sup>2</sup>sna laethanta sin agus an rí Aisiuéaróis ina shuí ina ríchathaoir i Súsá, <sup>3</sup>sa tríú bliain dá réimeas, rinne sé fleá agus féasta dá fhiltha agus dá fheidhmeannaigh, do cheannasaithe airm na bPeirseach agus na Méideach, agus do ghobharnóirí na gcúigí. <sup>4</sup>Nocht sé do chách ar an gcuma sin saibhreas a ríochta



glórmhaire, agus taibhse agus poimp a mhórgachta lá i ndiaidh lae ar feadh céad agus ceithre fichid lá.

<sup>5</sup>Nuair a bhí an tréimhse sin thart, rinne an rí fleá dá raibh ag cur fúthu i ndúnfort Shúsa, idir uasal agus íseal, ar feadh seacht lá i gcúirt phálás an rí. <sup>6</sup>Bhí cuirtíní bána agus gorma ar crochadh ann le cordaí míne lín agus snáithe corcra ó fháinní airgid agus ó cholúin mharmair; bhí toilg óir agus airgid cóirithe ar urlár de pharfaraí, de mharmar, de néamhann, agus de chlocha lómhara. <sup>7</sup>Dáileadh deoch orthu as soithí éagsúla óir agus flúirse den fhíon ríoga de réir féile an rí. <sup>8</sup>Ar ordú an rí ámh, ní raibh an t-ól éigeantach, óir d’ordaigh sé do reachtairí a theaghlaigh a rogha cóir a chur ar gach aoi.

<sup>9</sup>Rinne an bhanríon Vaistí fleá mar an gcéanna do na mná i bpálás an rí Aisiuéaróis. <sup>10</sup>Ar an seachtú lá nuair a bhí an rí súgach ag an bhfíon, thug sé ordú don seachtar coillteán a bhí ag freastal ar phearsa an rí Aisiuéaróis – .i. Mahúmám, Bizteá, Harbóná, Bigteá, Abagtá, Zéatar agus Carcas – <sup>11</sup>an bhanríon Vaistí faoina coróin ríoga a thabhairt i láthair an rí chun a scéimh a thaispeáint don phobal agus do na gobharnóirí, mar ba sciámhach an bhean í. <sup>12</sup>Ach dhiúltaigh an bhanríon Vaistí teacht i láthair faoi mar a d’ordaigh an rí ó bhéal a choillteán. Tháinig fearg agus cuthach buile ar an rí, <sup>13</sup>agus chuaigh sé i gcomhairle leis na saoithe [dlí] mar ba é an nós é cúraimí an rí a chur i gcomhairle saoithe dlí agus breithiúnais. <sup>14</sup>Ghairm sé chuige Cairseaná, Séatár, Admátá, Tairsís, Meiris, Marsaná, agus Mamúcán, seachtar gobharnóirí na Peirse agus na Méide, a raibh bheith istigh i láthair an rí acu agus a raibh tús áite acu ar chomhairle an rí. <sup>15</sup>D’fhiafraigh sé: “Cad tá le déanamh leis an mbanríon Vaistí, de réir an dlí, mar nár chomhlíon sí ordú an rí Aisiuéaróis ó bhéal na gcoillteán.” <sup>16</sup>D’fhreagair Mamúcán i



láthair an rí agus na ngobharnóirí: “Ní ar an rí amháin a rinne Vaistí an bhanríon éagóir, ach ar a bhfuil de ghobharnóirí agus de chiníocha i gcúigí uile an rí Aisiuéaróis. <sup>17</sup>Óir cluinfidh na mná go léir faoina ndearna an bhanríon agus spreagfaidh sin iad le drochmheas a bheith acu ar a bhfir chéile mar déarfaidh siad: ‘Thug an rí Aisiuéaróis ordú don bhanríon Vaistí teacht ina láthair, ach níor tháinig.’ <sup>18</sup>Cluinfidh mná gobharnóirí uile na Peirse agus na Méide faoi fhreagra na banríona inniu féin, agus beidh an sórt céanna cainte acu le gobharnóirí an rí, agus beidh drochmheas agus fearg inár dtimpeall ina dtuille. <sup>19</sup>Ar an ábhar sin, más toil leis an rí é, eisíodh an rí forógra, agus scríobhtar é i ndlíthe do-athraithe na bPeirseach agus na Méideach, gan Vaistí a theacht i láthair an rí go brách arís; agus tugadh an rí a gradam ríoga do bhean níos fearr ná í. <sup>20</sup>Déantar an forógra seo a thabharfaidh an rí á fhógairt ó cheann ceann a ríochta fairsinge, agus tabharfaidh na mná go léir urraim dá bhfir chéile, idir uasal agus íseal.”

<sup>21</sup>Thaitin an chomhairle sin leis an rí agus leis na gobharnóirí agus rinne an rí rud ar Mhamúcán. <sup>22</sup>Chuir sé litreacha go dtí cúigí uile a ríochta i scríbhinn gach cúige agus i dteanga gach cine á ordú gach fear a bheith i gceannas ar a theaghlach féin (agus a labhairt i dteanga a chine féin).

## Mordacaí agus Eistir

**2**Tamall ina dhiaidh sin, nuair a mhaolaigh ar fhearg an rí, chuimhnigh Aisiuéaróis ar Vaistí agus ar an rud a rinne sí, agus an forógra a tugadh ina haghaidh. <sup>2</sup>Ansin dúirt a lucht freastail leis an rí: “Déantar cailíní áille óga a chuardach don rí, <sup>3</sup>agus ceapadh an rí



oifigigh i ngach cúige dá ríocht leis na maighdeana áille óga go léir a bhailiú le chéile go háras na mban i ndúnfort Shúsa, faoi smacht Héagai, coillteán an rí, agus coimeádaí na mban, agus tugtar dóibh cóir a maisithe; <sup>4</sup> agus bíodh an mhaighdean is áil leis an rí ina banríon in áit Vaistí.” Thaitin an chomhairle sin leis an rí agus rinne sé dá réir.

<sup>5</sup> Bhí an uair úd, i ndúnfort Shúsa, Giúdach darbh ainm Mordacaí mac Iáir, mac Shimeí, mac Chís, de threibh Bhiniáimin; <sup>6</sup> tugadh eisean chun siúil ó Iarúsailéim i measc na gcimí a thug Nabúcadnazar rí na Bablóine leis mar aon le Iachóiniá rí Iúdaía. <sup>7</sup> Thog sé Hadasá, Eistir is í sin, iníon deartháir athar leis, nuair a chaill sí a hathair agus a máthair; ba ainneir álainn sciamhach í agus ghabh Mordacaí chuige mar iníon í tar éis bháis dá hathair agus dá máthair.

<sup>8</sup> Nuair a foilsíodh forógra an rí, cruinníodh mórán maighdean go dúnfort Shúsa agus cuireadh faoi chúram Héagai iad; tugadh Eistir freisin go pálás an rí agus cuireadh í faoi chúram Héagai, coimeádaí na mban; <sup>9</sup> thaitin an ainneir leis agus bhí dáimh aige léi. Ba ghairid an mhoill air cóir a maisithe agus a beatha a thabhairt di, agus seachtar ionailt tofa as teaghlach an rí; agus thug sé tosaíocht in áras na mban dise agus dá bantracht. <sup>10</sup> Níor nocht Eistir ámh céir díobh í ná cárbh as di ó dhúchas, óir d’ordaigh Mordacaí di gan sin a insint. <sup>11</sup> Théadh Mordacaí ag siúl gach lá os comhair cúirt na mban chun go bhfaigheadh sé amach conas a bhí ag Eistir nó cad a bhainfeadh di.

<sup>12</sup> Dé réir rialacha na mban, níorbh fholáir do gach ainneir bliain a chaitheamh á maisiú féin, mar atá, sé mhí le hola miorra agus sé mhí le cumhráin agus uinnimintí ban, sula dtiocfadh a huain chun dul isteach go dtí an rí Aisiuéaróis, mar a bhí beartaithe. <sup>13</sup> Nuair a théadh sí isteach chun an rí mar sin, thugtaí do gach ainneir cibé ní a d’iarrfadh sí le



tabhairt léi as áras na mban go háras an rí. <sup>14</sup>Théadh sí isteach tráthnóna agus thagadh amach arís maidin lá arna mhárach go háras eile ban a bhí i gcúram Seaisgeaz, an coillteán a bhí ag an rí i bhfeighil na mban leapa. Ní thagadh sí chun an rí arís ina dhiaidh sin mura mbainfeadh seisean taitneamh ar leith aisti agus fios a chur uirthi as a hainm.

<sup>15</sup>Dála Eistir, iníon Aibíochaíl, deartháir athar do Mhordacaí, an cailín úd a ghabh sé chuige mar iníon dó féin, tháinig a seal le dul isteach go dtí an rí; níor iarr sí aon ní, thar mar a bhí socair ag Héagai, coillteán an rí agus coimeadaí na mban. Ní raibh aon duine dá bhfaca í nár thug gean di. <sup>16</sup>Tugadh Eistir isteach ina phálás go dtí an rí Aisiuéaróis sa deichiú mí, ar a dtugtar Taebaet, sa seachtú bliain dá réimeas. <sup>17</sup>Thug an rí grá d'Eistir thar na mná go léir, agus ba mhó a chion agus a ghean uirthi ná ar na maighdeana eile go léir, ionas gur chuir sé an choróin ríoga ar a ceann, agus go ndearna banríon di in ionad Vaistí. <sup>18</sup>Rinne an rí ansin fleá mhór, .i. fleá Eistir, dá ghobharnóirí agus dá fheidhmeannaigh go léir; agus thug sé saoire do na cúigí agus bhronn tíolacthaí go fial orthu mar ba dhual do rí.

<sup>19</sup>[Nuair a aistríodh Eistir dála na gcailíní eile go dtí an dara háras,] <sup>20</sup>níor nocht sí fós céir díobh í ná cárbh as di ó dhúchas, de réir mar a d'ordaigh Mordacaí, óir chomhlíon sí a orduithe faoi mar a dhéanadh nuair a bhí sí faoina chúram. <sup>21</sup>Um an dtaca sin, le linn do Mhordacaí a bheith ina shuí ag geata an rí, tháinig olc ar bheirt de choillteáin an rí, Bigteán agus Teiris, ó lucht faire an dorais agus rinne siad ceilg chun an rí Aisiuéaróis a bhású. <sup>22</sup>Fuair Mordacaí gaoth an fhocail agus thug an scéal d'Eistir an bhanríon, agus d'inis sise don rí é in ainm Mhordacaí. <sup>23</sup>Rinneadh an chúis a fhiosrú ina dhiaidh sin, agus



deimhníodh gur mar sin a bhí. Crochadh an bheirt ar chroch agus breacadh síos na cúrsaí sin ar pháir i Leabhar na gCroinicí i láthair an rí.

**3** Tamall ina dhiaidh sin thug an rí Aisiuéaróis ardú céime do Hámán mac Hamadátá, Agágach, thug gradam breise dó, agus thug tosaíocht dó ar a chomhghleacaithe go léir, <sup>2</sup> agus thug ordú nár mhór do gach duine a bhí ag geata an rí glúin a fheacadh agus urraim a thaispeaint do Hámán. Ach níor fheac Mordacaí glúin na níor thug urraim dó. <sup>3</sup> D’fhiafraíodh feidhmeannaigh an rí a bhí ag an ngeata de Mhordacaí: “Cad chuige duit ordú an rí a shárú?” <sup>4</sup> Agus ó tharla go mbídís á rá sin leis gach lá, agus gan aird ar bith aige orthu, d’insíodar an scéal do Hámán, óir ba mhian leo a fheiceáil an seasfadh Mordacaí an fód, óir d’inis sé dóibh gur Giúdach é féin. <sup>5</sup> Nuair a thug Hámán faoi deara nach bhfeacadh Mordacaí glúin dó agus nach dtugadh sé urraim dó, tháinig fraoch feirge air. <sup>6</sup> Ba scorn leis más ea lámh a leagan ar Mhordacaí amháin, mar cuireadh in iúl do cén cine gur díobh é. Bheartaigh sé na Giúdaigh go léir a bhí scaipthe ar fud ríocht Aisiuéaróis a scriosadh mar gurbh iad muintir Mhordacaí iad.

## Na Giúdaigh i mBaol

<sup>7</sup> Sa chéad mhí, Níosán is é sin, sa dara bliain déag de réimeas Aisiuéaróis, caitheadh púr (.i. an crann) i láthair Hámán don lá agus don mhí, agus thit an crann ar an dara mí déag, Adár is é sin. <sup>8</sup> Ansin dúirt Hámán le hAisiuéaróis an rí: “Tá cine áirithe scaipthe go fada fairsing i measc na gciníocha eile i gcúigí uile do ríochta; ní ionann a ndlíthe agus



dlíthe aon chine eile, ní choimeádann siad dlíthe an rí, agus ní oireann sé don rí cur suas leo. <sup>9</sup>Más áil leis an rí é, tugadh sé ordú iad a dhíothú, agus díolfaidh mise deich míle tallann airgid le riarthóirí an rí le cur sa chiste ríoga.” <sup>10</sup> Ansin bhain an rí an fáinne séala dá mhéar agus thug do Hámán mac Hamadátá an tAgágach, namhaid na nGiúdach é.

<sup>11</sup>Dúirt an rí le Hámán: “Bíodh an t-airgead agat, agus na daoine chomh maith agus déan do rogha rud leo.” <sup>12</sup> Ansin, ar an tríú lá déag den chéad mhí, glaoth ar scríobhaithe an rí agus scríobhadh síos na horduithe a thug Hámán do ghobharnóirí an rí, do cheannasaithe gach cúige, agus do thaoisigh gach cine; do gach cúige ina scríbhinn féin agus do gach cine ina dteanga féin; síníodh an forógra in ainm an rí Aisiuéaróis, agus buaileadh séala air le fáinne an rí. <sup>13</sup> Cuireadh litreacha le teachtairí go cúigí uile an rí, agus d’ordaigh siad scrios agus ár agus díothú ar na Giúdaigh go léir, idir óg agus aosta, idir mhná agus mhiondaoine, in aon lá amháin, an tríú lá déag den dara mí déag, Adár is é sin, agus a maoin a ghabháil mar chreach.

<sup>13a</sup> Mar leanas a ghabh an litir:

*“Beatha agus sláinte ón rí mór Aisiuéaróis do ghobharnóirí an céad fiche a seacht gcúige a shíneann ón Ind go dtí an Aetóip agus do na ceannasaithe dúiche atá fúthu.*

<sup>13b</sup> *De bhrí go bhfuair mé ceannas ar mhórán ciníocha agus gur thug mé an domhan go léir faoi mo smacht, bheartaigh mé gan mí-úsáid a bhaint as mo mhórchumhacht, ach a bheith i gcónaí tuisceanach lách, saol socair síochánta a chinntiú do mo ghéillsinigh, agus an tsíocháin a bhfuil cách ag tnúth léi a bhuanú i dtreo go mbeadh an tsibhialtacht faoi réim agus cead a gcas ag cách ó cheann ceann na ríochta. <sup>13c</sup> Ar an ábhar sin d’fhiafraigh mé de mo chomhairleoirí conas ab fhearr a d’fhéadfaí an*





*cuspoir sin a chur i gcrích; bhí, ar na comhairleoirí, duine áirithe darbh ainm Hámán, fear saorbhreathach, a rug barr eagna agus dílse leis ón gcuid eile ar fad, agus atá i dtánaiste gradam don rí féin. <sup>13d</sup>D'inis seisean dúinn go raibh cine namhdúil áirithe scaipthe i measc treibheanna uile an domhain agus go raibh dlíthe acu a bhí bunoscionn le gach cine eile, agus go raibh siad de shíor ag cur suas do reachtanna na ríthe, agus ag cur bac ar an sórt rialtais atá á bhunú againn ar mhaithe leis an maith choiteann. <sup>13e</sup>De bhrí gur tuigeadh dúinn go raibh an mhuintir leithleasach seo, leo féin, de shíor ag cur i gcoinne an chine dhaonna go léir, agus ag baint feidhm as dlíthe urchóideacha ag cur suas dár reachtanna, agus ag cur coireanna uafásacha i gcrích i dtreo go bhfuil ár ríocht i mbaol titim, <sup>13f</sup>ordaímid:*

*An mhuintir a ainmníodh daoibh i litreacha Hámán – an té sin a ceapadh i bhfeighil ár ngnóthaí agus is dara athair dúinn – déantar iadsan go léir, mar aon lena mná agus lena miondaoine, a dhíothú agus a scriosadh de chlár na cruinne le faobhar claímh a naimhde, gan trua gan taise ar an gceathrú lá déag den dara mí déag, Adár is é sin, den bhliain seo féin; <sup>13g</sup>caithfear, ar an gcuma sin, an dream seo a bhí namhdúil, agus atá amhlaidh fós, síos go hifreann le láimh láidir, in aon lá amháin, agus beidh ár rialtas slán faoi shíocháin bhuan as sin amach.”*

<sup>14</sup>Foilsíodh téacs an doiciméid sin do na ciníocha go léir, le fogairt mar dhlí i ngach cúige, le go mbeidís go léir ullamh don lá úd. <sup>15</sup>D'imigh na teachtairí faoi dheithneas a chomhlíonadh ordú an rí; foilsíodh an forógra ar dtús i ndúnfort Shúsa. Luigh an rí agus Hámán le carbhas agus le hól, ach bhí cathair Shúsa go buartha.



## Mordacaí agus Eistir á gCosaint

**4** Nuair a fuair Mordacaí fios na nithe sin, stróic sé a chuid éadaigh, agus chuir sacéadach agus luaitheach air féin. Ansin d'imigh sé amach trí lár na cathrach ag gol go géar in ard a ghutha, <sup>2</sup>nó go dtáinig sé go geata an rí; níor chead d'aon duine dul go geata an rí isteach agus sacéadach air. <sup>3</sup>A luaithe a foilsíodh forógra an rí in aon chúige, bhí olagón i measc na nGiúdach, agus troscadh, lógóireacht agus caoineadh, agus luigh mórán daoine i sacéadach agus i luaitheach.

<sup>4</sup>Nuair a tháinig a bantracht agus a coillteáin leis an scéala go dtí an bhanríon Eistir, tháinig an-bhuaireamh uirthi; chuir sí éadaí go Mordacaí le cur air in áit an tsacéadaigh, ach dhiúltaigh sé dóibh. <sup>5</sup>Ansin chuir Eistir fios ar Hatác, coillteán a cheap an rí le freastal uirthi, agus d'ordaigh sí dó dul go Mordacaí agus fios fátha an scéil a fháil uaidh.

<sup>6</sup>Chuaigh Hatác ag triall ar Mhordacaí dá bhrí sin agus fuair sé ar fhaiche na cathrach é os comhair gheata an rí. <sup>7</sup>D'inis Mordacaí dó gach ar tharla, agus mar a thug Hámán gealltanais suim mhór airgid a íoc le ciste an rí ar son na Giúdaigh a dhíothú. <sup>8</sup>Thug sé dó mar an gcéanna cóip den fhorógra, a foilsíodh i Súsa ag fógairt a scriosta, lena taispeánt d'Eistir á cur san eolas: agus chuir sé teachtaireacht chuici dul go dtí an rí chun achainí a dhéanamh chuige agus cúis a ciné a phlé.

<sup>8a</sup>“Cuimhnigh,” ar sé léi, “ar d'uiríslé tráth, nuair d'ith tú as mo láimh féin. Ós rud é gur iarr Hámán, an té is tánaiste don rí, go gcuirfí chun báis sinn, <sup>8b</sup>glaoiigh ar an Tiarna agus labhair leis an rí ar ár son agus fuascail ón mbás sinn.” <sup>9</sup>D'fhill Hatác, agus d'inis d'Eistir céard a dúirt Mordacaí. <sup>10</sup>Ansin labhair Eistir le Hatác arís agus thug



sí an teachtaireacht seo leanas dó le haghaidh Mhordacaí: <sup>11</sup>“Is eol do sheirbhísigh uile an rí, agus do mhuintir na gcúigí, má théann aon duine, fear nó bean, isteach go dtí an rí ina chúirt inmheánach, gan fios a bheith curtha air, nach bhfuil ann dó ach an t-aon phionós amháin – an bás, mura ndéanann an rí an tslat óir a shíneadh ina threo agus anacal anama a dhéanamh air. Agus níor cuireadh fios orm teacht i láthair an rí le deich lá fichead anois.”

<sup>12</sup>Insíodh do Mhordacaí a ndúirt Eistir, <sup>13</sup>agus d’ordaigh Mordacaí an freagra seo a thabhairt ar ais chuici: “Ná bíodh aon phioc dá mhearbhall ort go rachaidh tú slán ach chomh beag le haon Ghiúdach eile cé go bhfuil tú i bpálás an rí. <sup>14</sup>Má fhanann tú i do thost gan focal asat, ar uair seo na faille, gheobhaidh na Giúdaigh saoirse agus fuascailt ó aird éigin eile, agus déanfar tusa agus teaghlach d’athar a scriosadh. Agus cá bhfios nach d’aonghnó, dá leithéid seo d’fhaill, a tháinig tú i gcoróin?” <sup>15</sup>Dúirt Eistir leo ansin an freagra seo a thabhairt chuig Mordacaí: <sup>16</sup>“Imighse anois agus cruinnigh na Giúdaigh go léir atá i Súsá, agus déanaigí troscadh ar mo shon, gan bia ná deoch a chaitheamh de lá ná d’óiche ar feadh trí lá. Agus déanfaidh mise troscadh mar an gcéanna le mo bhantracht, agus rachaidh mé isteach go dtí an rí ansin, bíodh go bhfuil sé in aghaidh an dlí, agus más é an bás atá i ndán dom, bás a gheobhaidh mé.” <sup>17</sup>D’imigh Mordacaí leis ansin agus rinne de réir treoracha uile Eistir.



## Urnaí Mhordacaí

<sup>17a</sup> *Ansín thug Mordacaí chun cuimhne oibreacha iontacha an Tiarna, agus chuir sé a achainí chuige á rá:*

<sup>17b</sup> *A Thiarna, a Thiarna, a Rí a rialaíonn an uile ní,  
tá an uile ní faoi do smacht,  
agus níl aon duine leis an bhfód a sheasamh i d'aghaidh,  
más toil leat Iosrael a fhuascailt.*

<sup>17c</sup> *Rinne tú neamh agus talamh,  
agus gach iontas faoin spéir.  
Is tú Tiarna an uile ní,  
agus níl aon duine le seasamh i d'aghaidh ós tú an Tiarna.*

<sup>17d</sup> *Is eol duit an uile ní,  
agus is maith is eol duit, a Thiarna,  
nach le barr díomais ná uabhair, ná éirí in airde,  
a rinne mé mar a rinne  
agus gur dhiúltaigh mé  
cromadh síos do Hámán an díomais.  
Óir phógfainn fiú boinn a chos le fonn,  
ar mhaithe le fuascailt Iosrael;*



<sup>17e</sup> *Ach rinne mé é seo,  
d'fhonn nach gcuirfinn glóir dhuine  
os cionn glóir Dé;  
Agus ní chromfaidh mé d'aon duine  
ach duitse, mo Thiarna,  
agus ní le barr díomais é.*

<sup>17f</sup> *Agus anois, a Thiarna Dia,  
A Rí, a Dhia Abrahám,  
caomhnaigh do phobal!  
óir táthar ar ár dtí lenár scriosadh,  
agus leis an oidhreacht a bhain leat ó thús a mhilleadh.*

<sup>17g</sup> *Ná déan faillí i do chuid féin,  
an chuid a d'fhuascail tú duit féin as tír na hÉigipte.*

<sup>17h</sup> *Éist le m'achainí,  
agus déan trócaire ar d'oidhreacht,  
agus déan lúcháir dár ndobrón,  
le go mairfimid agus go molfaimid d'ainm, a Thiarna;  
agus ná scrios béal na muintire a ghabhann do mholtaí.*



## Urnaí Eistir

<sup>17i</sup> *Agus ghlaoigh Iosrael go léir in ard a gcinn, mar bhí an bás os comhair a súl.*

<sup>17j</sup> *Theith Eistir freisin faoi choimirce an Tiarna nuair a fágadh í i gcraos an bháis; bhain sí di éidí a glóire, agus chuir uimpi éidí anró agus caointe; in ionad na gcumhrán daor, chlédaigh sí a baithis le luathreach agus le bualtrach; bhrúigh sí a colainn go talamh, scaip sí trilisí stollta a cuid gruaige i ngach áit ina mbíodh aoibhneas agus nósmaireacht ar fáil aici roimhe sin. Chuir sí a hachainí chun an Tiarna, Dia Iosrael, mar leanas:*

<sup>17k</sup> *A Thiarna, is tusa amháin is rí orainn;  
fóir orm óir is bean aonarach mé,  
gan de chabhair agam ach tusa amháin,  
agus táim ag dul sa bhearna bhaoil.*

<sup>17l</sup> *Múineadh dom ón gcliabhán, agus ar mo thinteán,  
go ndearna tusa, a Thiarna,  
Iosrael a roghnú thar na náisiúin go léir,  
agus ár sinsir thar na glúine go léir anallód,  
le bheith mar oidhreacht agat féin go brách,  
agus go ndearna tú leo de réir d'fhocail.*



- <sup>17m</sup> *Ach ansin pheacaíomar i do láthair,  
agus thug tú i lámh ár naimhde sinn,  
mar gur thugamar glóir dá ndéithe.  
Is cóir é thú, a Thiarna.*
- <sup>17n</sup> *Ach anois ní leor leo seirfean ár ndaoirse;  
ach chuir siad a lámha i lámha a n-íol  
á mhionnú go scriosfaidís reacht do bhéil,  
agus go millfidís d'oidhreacht,  
go ndúnfaidís béal lucht do mholta,  
agus go múchfaidís glóir do thí agus d'altóra,*
- <sup>17o</sup> *go n-osclóidís béal na gciníocha,  
le híola gan mhaith a mholadh,  
agus rí daonna a mhóradh go brách.*
- <sup>17p</sup> *Ná géill do shlat ríoga, a Thiarna,  
do dhream nach bhfuil ann ar aon chor,  
agus ná bímis ar lár inár n-ábhar gáire acu.  
Fill a mbearta sa mhullach orthu féin  
agus déan sampla de cheannaire an ionsaithe seo orainn.*
- <sup>17q</sup> *Cuimhnigh, a Thiarna, agus nocht thú féin  
in uain ár n-anró.*



*Tabhair misneach domsa,  
a rí na ndéithe, agus a mháistir na huilechumhachta.*

<sup>17r</sup> *Tabhair bua na cainte agus an bhladair dom  
i láthair an leoin.*

*Athraigh an croí ann le go dtabharfaidh sé fuath dár namhaid,  
i dtreo go scriosfar eisean agus an mhuintir atá ar aon aigne leis.*

<sup>17s</sup> *Ach tabhair lámh chúnta dúinne agus fuascail sinn.  
Fóir orm, mar táim liom féin,  
gan aon duine liom, ach tusa, a Thiarna.*

<sup>17t</sup> *Tá fios gach ní agat,  
agus tá a fhios agat gur fuath liom glóir na gcoirpeach;  
gur gráin liom leaba an té atá gan timpeallghearradh,  
agus leaba gach coimhthígh.*

<sup>17u</sup> *Tá a fhios agat go bhfuilim faoi cheangal  
agus gur déistineach liom comhartha m'uaille,  
a bhíonn ar mo cheann agus mé i láthair na cúirte,  
ach nach gcaithim ar aon chor ar mo laethanta saoire,  
mar gur gráin liom é amhail giobal fola míosta.*

<sup>17v</sup> *Níor chaith mise, do bhanóglach, bia ó bhord Hámán,  
ná ní raibh mé mar mhaise ar fhleá an rí,  
ná níor ól mé fíon na n-íobairtí doirte.*





<sup>17w</sup> *Agus ón lá a fuair mé ardú céime go dtí inniu féin,  
ní bhfuair mise, do bhanóglach, taitneamh  
in aon neach ach thú, a Thiarna, Dia Abrahám.*

<sup>17x</sup> *A Dhia, a bhfuil gach ní faoi réir do chumhachta,  
éist le glór na n-éadóchasach,  
agus fuascail sinn ó láimh na n-urchóideach,  
agus saor mé ó mo scéin.*

## Eistir sa Phálás

**5** *Ar an tríú lá, nuair a scoir sí dá hurnaí, bhain sí di a feisteas troscaidh, agus chóirigh í féin in éidí a glóire. <sup>1a</sup> Ansin, faoi mhaise niamhrach, ghlaoiigh sí ar Dhia a thugann aire don uile dhuine agus a shlánaíonn cách, agus thug sí beirt ionailt léi ansin; luigh sí mar thaca go leochaileach ar dhuine díobh, agus lean an duine eile í ag iompar a triopaill. Bhí sí, mar a bheadh ag luí ar ghéag na hionailte go neamhchúiseach, ach dáiríre ba amhlaidh nach raibh sé de neart ina corp í a iompar; bhí an ionailt eile ina diaidh ag coimeád eireabaill fhairsing a gúna ón talamh a scuabadh. <sup>1b</sup> Bhí luisne an róis ina leaca le barr snó; bhí grá agus lúcháir ina gnúis; ach bhí an croí á shnoí inti le heagla. <sup>1c</sup> Chuir sí doras i ndiaidh dorais di go dtí gur tháinig sí i láthair an rí. Bhí seisean ina shuí ina ríchathaoir agus é gléasta i lánéide a mhórgachta, ag glioscarnach le loinnir an óir agus na liag lómhar; ba scanrúil an*



*radharc é!* <sup>1d</sup>D’ardaigh sé a cheann agus loinnir na mórgachta ina ghnúis, agus d’fhéach uirthi le fraoch feirge. Thit an lug ar an lag ag an mbanríon; d’iompaigh a lí, agus lig sí a ceann ar a hionailt a bhí mar thaca aici. <sup>1e</sup>Ach ansin bhog Dia croí an rí, agus thug spiorad níos cneasta dó. Phreab sé as a chathaoir agus eagla an domhain air agus rug ina dhá lámh uirthi nó gur tháinig sí chuici féin, agus bhí sé á muirniú lena chaint chneasta: <sup>1f</sup>“Céard atá ort, a Eistir,” ar sé, “is mise do dheartháir; bíodh misneach agat; ní baol duit, ní bhfaighidh tú bás; don choitiantacht amháin an dlí seo linn. Tar anseo chugam.” <sup>2</sup>Agus d’ardaigh sé an tslat órga agus leag ar a muineál í, agus rug barróg uirthi agus dúirt: “Labhair liom.” <sup>2a</sup>“A thiarna,” ar sí, “chonaic mé thú mar a bheadh aingeal Dé ann, agus tháinig scanradh croí orm le heagla roimh do ghlóir. Óir is ábhar iontais thú, a thiarna, agus tá do ghnúis lán de chneastacht.”

<sup>2b</sup>Agus le linn di a bheith ag caint mar sin, thit sí i laige; bhí suaitheadh ar an rí agus bhí a lucht freastail go léir ar a ndícheall ag iarraidh í a thabhairt chuici féin. <sup>3</sup>“Cad tá uait, a Eistir,” arsan rí, “agus cén achainí atá agat [orm]? Fiú más é leath mo ríochta féin é, gheobhaidh tú uaim é.” <sup>4</sup>D’fhreagair Eistir: “Lá de mo shaol an lá seo; más toil leis an rí é, dá bhrí sin, tagadh sé féin agus Hámán go dtí an fhleá a ullmhóidh mé inniu.” <sup>5</sup>Dúirt an rí: “Tugaigí Hámán anseo go tapa le go ndéanfaimis rud ar Eistir.” Tháinig an rí agus Hámán chun na fleá a d’ullmhaigh Eistir. <sup>6</sup>Ag ól an fhíona dóibh, dúirt an rí arís le hEistir: “Inis dom céard atá uait; tabharfaidh mé duit é. Inis dom cén achainí atá agat orm; fiú más é leath mo ríochta é, tabharfar duit é.” <sup>7</sup>“Seo é m’iarratas agus m’achainí,” arsa Eistir, <sup>8</sup>“má tá gean an rí orm, agus más toil leis an rí m’iarratas a dheonú dom, agus



géilleadh do m'achainí, tagadh an rí agus Hámán chugam amárach chun na fleá a leagfaidh mé rompu, agus déanfaidh mé rud air amárach.”

<sup>9</sup>D'imigh Hámán amach ón rí an lá sin é go subhach somheanmnach. Ach nuair a chonaic sé Mordacaí ag geata an rí, agus gan é ag éirí ná fiú ag corraí ina láthair, tháinig taom feirge air le Mordacaí. <sup>10</sup>Chuir sé smacht air féin ámh; d'fhill abhaile, agus chuir fios ar a chairde agus ar Zeiris, a bhean chéile; <sup>11</sup>chuir Hámán síos dóibh ar a shaibhreas taibhseach agus ar a chlann líonmhar, agus ar gach céim ní ba airde ná a chéile a bhronn an rí air ionas gur thug sé tosaíocht dó ar fhilth agus ar fheidhmeannaigh eile an rí. <sup>12</sup>“Agus rud eile de,” ar seisean, “níor lig Eistir an bhanríon d'aon fhear eile ach domsa amháin teacht chun na fleá – agus tá cuireadh agam féin agus ag an rí uaithi arís don lá amárach. <sup>13</sup>Ach cad é sin go léir domsa fad a fheicim Mordacaí an Giúdach ina shuí ag geata an rí.” <sup>14</sup>Ansin dúirt a bhean Zeiris agus a chairde go léir leis: “Gléastar croch leathchéad banlámh ar airde, agus iarr ar an rí amárach Mordacaí a chrochadh uirthi. Ansin isteach leat chun na fleá i bhfochair an rí gan mairg ar bith.” Thaitin an chomhairle sin le Hámán, agus chuir sé an chroch á gléasadh.

## Díoltas ar Hámán

**6**Níor thit néal codlata ar an rí an oíche sin. Chuir sé fios dá bhrí sin ar Leabhar na nÉachtaí, na hAnnála, lena léamh dó. <sup>2</sup>Agus fuarthas scríofa ann conas mar a sceith Mordacaí ar Bhigteán agus ar Theiris, beirt de choillteáin an rí a bhí i bhfeighil an dorais, agus a bheartaigh lámha a leagan ar an rí Aisiuéaróis. <sup>3</sup>“Cén gradam nó cén chéim a



bronnadh ar Mhordacaí dá bharrsan?” d’fhiafraigh an rí. D’fhreagair na feidhmeannaigh a bhí ag freastal air: “Ní dhearnadh aon ní ar a shon.” <sup>4</sup> Ansin d’fhiafraigh an rí: “Cé tá ar dualgas sa chúirt?” Bhí Hámán faoin am sin tagtha isteach i gcúirt sheachtrach phálás an rí le hiarraidh ar an rí Mordacaí a chrochadh ar an gcroch a bhí gleasta aige féin dó.

<sup>5</sup> D’fhreagair feidhmeannaigh an rí: “Tá Hámán ina sheasamh amuigh sa chúirt.” “Tugaigí isteach é!” arsan rí. <sup>6</sup> Tháinig Hámán isteach, más ea, agus dúirt an rí leis: “Céard ba chóir a dhéanamh leis an té ar mian leis an rí onóir a thabhairt do?” “Cé eile ach mise,” arsa Hámán leis féin, “ar mhian leis an rí onóir a thabhairt dó?” <sup>7</sup> Agus thug sé freagra dá réir sin ar an rí: “Más mian leis an rí onóir a thabhairt do dhuine, <sup>8</sup> cuirtear fios ar éide ríoga a chaith an rí agus ar each a bhí faoin rí leis an ornáid ríoga ar a cheann; <sup>9</sup> agus tugtar an éide ríoga agus an t-each i lámha duine de na flatha is uaisle de mhuintir an rí; agus cóiríodh seisean an té is mian leis an rí a onóir agus seoladh sé ar mhuintir an eich é trí fhaiche na cathrach agus fógra á thabhairt roimhe: ‘Seo mar a dhéanfar leis an té ar mian leis an rí é a onóir!’” <sup>10</sup> Ansin dúirt an rí le Hámán: “Déan deifir más ea anois agus beir leat an éide agus an t-each, mar a dúirt tú, agus déan díreach mar a dúirt tú le Mordacaí an Giúdach a shuíonn ag geata an rí. Ná déan faillí in aon ní dá ndúirt tú.”

<sup>11</sup> Fuair Hámán an éide agus an t-each dá bhrí sin, ghléas sé Mordacaí agus sheol sé ar mhuintir an eich é, trí fhaiche na cathrach agus é á fhógairt roimhe: “Seo mar a dhéanfar leis an té ar mian leis an rí é a onóir!” <sup>12</sup> D’fhill Mordacaí ar gheata an rí ansin, ach bhrostaigh Hámán abhaile, brat ar a cheann agus gan aon mhisneach fágtha aige. <sup>13</sup> D’inis Hámán dá bhean Zeiris agus dá chairde gach ar bhain dó. Ansin dúirt a chairde agus a bhean Zeiris leis: “Baineadh tuisle asat, a bhuí le Mordacaí; má tharlaíonn sé go



mбайнн сé leis an gcine Giúdach, ní bhfaighidh tú an ceann is fearr go brách air, ach titfidh tú agus titfidh tú arís go cinnte *óir tá Dia beo lena ais.*”<sup>14</sup> Ansin tháinig coillteáin an rí, agus iad siúd fós ag caint leis, agus rugadar leo go deifreach é go dtí an fhleá a d’ullmhaigh Eistir.

**7** Chuaigh an rí agus Hámán isteach chun na fleá le hEistir an bhanríon<sup>2</sup> agus ar an dara lá dúirt an rí arís le hEistir, agus iad ag ól fíona: “Cén t-iarratas atá agat, a bhanríon Eistir? Gheobhaidh tú é. Cén achainí atá agat? Fiú más é leath mo ríochta féin é, níl agat é ach é a lorg.”<sup>3</sup> Leis sin d’fhreagair an bhanríon Eistir: “Má tá lé agat liom, a rí, agus más toil le do mhórgacht é, iarraim coimirce m’anama mar iarratas, agus coimirce anama mo mhuintire mar achainí.”<sup>4</sup> Óir daoradh sinn mise agus mo mhuintir chun ár scriosta agus ár marfa agus ár millte. Mura mbeadh i gceist ach sinn a reic inár ndaoir agus inár ndaoirseacha, ní osclóinn mo bhéal ina thaobh; ach mar atá an scéal, tá sé thar chumas an ghéarleantóra an dochar a dhéanfar don rí a leasú.”<sup>5</sup> Labhair an rí Aisiuéaróis ansin agus d’fhiafraigh sé den bhanríon Eistir: “Cé hé an fear úd a bhfuil de dhánaíocht ann a leithéid a dhéanamh agus cá bhfuil sé?”<sup>6</sup> D’fhreagair Eistir: “Siúd é an géarleantóir! an namhaid! Hámán na hurchóide!” Tháinig sceimhle agus scéin ar Hámán i láthair an rí agus na banríona.<sup>7</sup> D’éirigh an rí ón bhfleá agus fraoch feirge air agus amach leis i ngairdín an pháláis; ach d’fhan Hámán ansiúd le hanacal anama a impí ar an mbanríon Eistir, mar ba léir dó go raibh olc beartaithe ag an rí ina aghaidh.

<sup>8</sup>Nuair a d’fhill an rí ar ais ó ghairdín an pháláis go halla na fleá fíona, bhí Hámán caite ar an tolg mar a raibh Eistir. “Cad é seo!” arsan rí. “An bhfuil sé ar tí an bhanríon a



éigniú os comhair mo shúl i mo theach féin?” Is ar éigean a bhí na focail as a bhéal nuair a cuireadh púicín an bháis ar Hámán. <sup>9</sup> Ansin dúirt Harbóna, duine de na coillteáin a bhí i láthair ag freastal ar an rí: “Maith mar a tharla! An chroch leaththead banlámh ar airde a ghléas Hámán do Mhordacaí, an té a thug anam an rí slán lena thuairisc thráthúil tá sí réidh ina theach.” “Croch uirthi sin é,” arsan rí. <sup>10</sup> Chrochadar Hámán dá bhrí sin ar an gcroch a ghléas sé féin do Mhordacaí, agus chuaigh fearg an rí chun suain.

## Na Giúdaigh faoi Mheas Arís

**8** An lá ceannann céanna thug an rí Aisiuéaróis teach Hámán, géarleantóir na nGiúdach, don bhanríon Eistir. Agus tháinig Mordacaí i láthair an rí mar chuir Eistir in iúl don rí cén gaol a bhí eatarthu. <sup>2</sup> An fáinne séala a thug an rí do Hámán, bhain sé de arís é, agus thug é do Mhordacaí, agus chuir Eistir Mordacaí i gceannas ar theach Hámán.

<sup>3</sup> Ansin labhair Eistir arís leis an rí. Chaith sí í féin ag a chosa á impí air go géar goirt deorach an t-olc a bheartaigh Hámán agus a scéim urchóideach in aghaidh na nGiúdach a chur ar ceal. <sup>4</sup> Shín an rí an tslat ríoga óir chuig Eistir, <sup>5</sup> agus d'éirigh sí agus sheas os comhair an rí: “Más toil leis an rí é agus má tá lé aige liom, más ceart é m'iaratas dar leis, agus más gean leis mé, deonaíodh sé ordú a chur ar pháir ag aisghairm na litreacha a chum Hámán mac Hamadátá, an tAgágach, d'fhonn na Giúdaigh go léir a dhíothú i ngach cúige de chúigí an rí. <sup>6</sup> Mar conas a d'fhéadfainn a bheith ag faire ar an olc agus ar an urchóid go léir atá i ndán do mo mhuintir? Conas a thiocfadh liom a bheith ag faire ar mo chine á ndíothú?”



<sup>7</sup> Ansin dúirt an rí Aisiuéaróis leis an mbanríon Eistir agus le Mordacaí an Giúdach: “Féach! thug mé teach Háman d’Eistir, agus crochadh é féin ar an gcroch de bhrí gur bheartaigh sé lámha a leagan ar na Giúdaigh. <sup>8</sup> Scríobhaigí mar is rogha libh i dtaobh na nGiúdach, in ainm an rí, agus cuirigí séala ar an scríbhinn le fáinne an rí; óir ní féidir ordú scríofa in ainm an rí agus seálaithe le fáinne an rí a chur ar ceal.”

<sup>9</sup> Cuireadh fios ar scríobhaithe an rí ar an toirt – ba é an tríú mí é, mí Síveán, agus an tríú lá fichead den mhí – agus scríobhadh orduithe de réir mar a dheachtaigh Mordacaí, do na Giúdaigh, do na cúigigh, do na gobharnóirí agus do lucht ceannais na gcúigí go léir ón Ind go dtí an Aetóip – céad fiche a seacht gcúige – do gach cúige ina scríbhinn féin, agus do gach cine ina theanga féin, agus do na Giúdaigh ina scríbhinn agus ina dteanga féin. <sup>10</sup> Bhí na horduithe scríofa in ainm an rí Aisiuéaróis agus seálaithe le fáinne an rí, agus seoladh iad le heachlaigh ar muin each ó ghraíonna an rí féin. <sup>11</sup> Cheadaigh an rí do na Giúdaigh de réir na n-orduithe sin, cibé cathair ina raibh cónaí orthu, cruinniú le chéile chun iad féin a chosaint, agus aon fhórsa armtha ó aon chine nó ó aon chúige a dhéanfadh ionsaí orthu a dhíothú agus a scrios agus a mhilleadh, mná agus leanaí agus uile, agus a maoin a chreachadh; <sup>12</sup> bhí feidhm leis na horduithe ón lá céanna ar fud cúigí an rí Aisiuéaróis ar fad an tríú lá déag den dara mí déag, mí Adár is é sin.

## Téacs an Fhorógra

<sup>12a</sup> *Mar seo a ghabh téacs litir na n-orduithe:*

<sup>12b</sup> *Beatha agus sláinte ón rí mór Aisiuéaróis do chúigigh na gcéad fiche a seacht gcúige a shíneann ón Ind go dtí an Aetóip, do ghobharnóirí na gcúigí agus dár*



ngéillsinigh dhúlse go léir.

<sup>12c</sup>Is iomaí duine agus is uabhríde iad a mhéad a thugtar onóir dóibh trí chineáltas a bpátrún. Agus ní leor leo urchóid a dhéanamh dár ngéillsinigh, ach de bhrí nach féidir leo a dteaspach a iompar, déanann siad iarracht ar cheilg a dhéanamh in aghaidh a bpátrún féin. <sup>12d</sup>Ní hé amháin go scriosann siad mothú an bhuíochais ó chroí an duine, ach scuabtar ar aghaidh iad ag gártha molta an dreama atá dall ar an maith, i dtreo gur dóigh leo go rithfidh leo breithiúnas Dé, ar fuath leis an t-olc, a sheachaint, cé gur léir i gcónaí do Dhia gach ní. <sup>12e</sup>Is minic mórán do lucht an údaráis freagrach a bheag nó a mhór i bhfuil neamhchiontach a dhoirteadh agus páirteach i dtubaistí doleigheasta, mar gur chuir siad a ngnóthaí i gcúram a gcairde agus gur ghéill siad dá gcomhairle-sean; <sup>12f</sup>mar go meallann an dream úd dea-thoil an lucht ceannais leis na hargóintí cealgacha a shníonn ó íochtar a gcoirpeachta. <sup>12g</sup>Is féidir é sin a thabhairt faoi deara gan dul i muinín stair tréimhsí níos ársa dá ndearnamar tagairt; ní gá ach súil a chaitheamh ar a bhfuil os bhur gcomhair, ar na cionta a rinne sraith scairstí d'fheidhmeannaigh shuaracha. <sup>12h</sup>As seo amach déanfaimid ár ndícheall síocháin agus suaimeheas na ríochta a riar ar chách; <sup>12i</sup>mar déanaimid na leasuithe is gá agus tabharfaimid breith ar gach a gcuirfear faoinár mbráid le barr tuisceana.

<sup>12j</sup>Hámán mac Hamadátá, Macadónach, fear gan braon d'fhuil Pheirseach ná aon chaidreamh ar bith aige lenár gcineáltas, chuireamar fáilte roimhe <sup>12k</sup>agus dháileamar chomh fial sin air an daonnacht sin lena bpléimid le gach cine, gur tugadh ár n-athair air, agus go mbíodh gach duine go forleathan ag umhlú dó amhail is gurbh é tánaiste na cathaoireach ríoga é. <sup>12l</sup>Ach theip air srian a choimeád lena uabhar agus thug sé





faoi idir ríocht agus anam a sciobadh uainn. <sup>12m</sup>Le barr calaoise agus cneámhaireacha d'iarr sé Mordacaí, an té a d'fhuascaíl sinn agus a rinne an mhaith i gcónaí dúinn, agus Eistir ár gcéile gan cháim sa ríocht, agus a gcine go léir chomh maith, a scriosadh. <sup>12n</sup>Shíl sé go bhfágfadh sé gan dídean sinn ar an gcuma sin agus go ndéanfadh sé impireacht na Peirse a chur i lámha na Macadónach. <sup>12o</sup>Ach tuigtear dúinn anois nach coirpigh iad na Giúdaigh a bheartaigh an sraiste ródhamanta a scriosadh, ach go bhfuil siad faoi réir dlíthe sárchóra, <sup>12p</sup>agus gurb iad clann an té is airde iad, Dia beo uilechumhachtach, an té a stiúir an ríocht i gcónaí le togha eagair dúinne agus dár sinsir.

<sup>12q</sup>Is maith mar a dhéanfaidh sibh dá bhrí sin ach gan beart a dhéanamh de réir na litreacha a sheol Hámán mac Hamadátá, óir tá a n-údar, agus a theaghlach go léir, mar aon leis, crochta ag geataí Shúsa; óir d'imir Dia, rialtóir na n-uile, go tapa air an pionós a thuill sé. <sup>12r</sup>Cuirigí cóipeanna den litir seo in airde i ngach áit phoiblí; tugaigí céad do na Giúdaigh a nósanna féin a chleachtadh; agus tagaigí i gcabhair orthu i dtreo gur féidir leo iad féin a chosaint ar aon duine a dhéanfadh ionsaí orthu an lá a roghnaíodh ar dtús lena gciapadh, an tréú lá déag is é sin den dara mí déag, mí Adár is é sin. <sup>12s</sup>Óir ní lá léirscriosta a rinne Dia uilechumhachtach den lá sin dá chine tofa, ach lá lúcháire. <sup>12t</sup>Dá bhrí sin déanaigíse, a Ghiúdacha, an lá seo a cheiliúradh go lúcháireach, mar lá ar leith féile i measc bhur sollúnacha, <sup>12u</sup>i dtreo go mbeidh sé anois agus as seo amach, daoibhse agus do Pheirsigh dhílse, ina cheiliúradh ar bhur bhfuascailt, agus don dream a dhéanann comhcheilg inár n-aghaidh, ina chuimhneachán ar a scrios.



<sup>12v</sup> *Gach baile agus gach tír i gcoitinne nach leanfaidh na treoracha seo, scriosfar é gan taise gan trócaire le faobhar agus tine; beidh sé doshiúlta ag daoine agus beidh an ghráin dhearg ag na hainmhithe allta agus na héin féin air go brách.*”

<sup>13</sup> Bhí cóip den reacht sin le foilsíú mar dhlí i ngach cúige, agus fograíodh é do na ciníocha go léir, i dtreo go mbeadh na Giúdaigh ullamh, an lá a bhí ceaptha, le díoltas a imirt ar a naimhde. <sup>14</sup> Chuir na heachlaigh chun bealaigh ar mhuintir each, a bhíodh in úsáid i seirbhís an rí, le teann deabhadh agus luais ar ordú an rí. Foilsíodh an reacht freisin i ndúnfort Shúsa. <sup>15</sup> Ghabh Mordacaí amach ó láthair an rí agus é feistithe i rífhallaing de ghorm is bán, le coróin mhór óir ar a cheann, agus brat de línéadach mín corcra uime; chuir cathair Shúsa na gártha áthais suas. <sup>16</sup> Bhí na Giúdaigh faoi ghile agus áthas, faoi aiteas agus faoi onóir. <sup>17</sup> I ngach cúige agus i ngach cathair dár shroich ordú agus reacht an rí, bhí áthas agus aoibhneas ar na Giúdaigh agus fleá agus féile acu. Agus *rinneadh* a lán de na ginte *a thimpeallghearradh* agus d’iompaíodar ina nGiúdaigh le heagla roimh na Giúdaigh.

## Lá Fhéile Púirím

**9** Tháinig ordú agus reacht an rí i bhfeidhm ar an tríú lá déag den dara mí déag, mí Adár, agus an lá ar a raibh súil ag naimhde na nGiúdach le hiad a scriosadh, bhí a mhalairt de thoradh air; b’iad na Giúdaigh a scrios a naimhde. <sup>2</sup> Chruinnigh na Giúdaigh le chéile ina mbailte ar fud cúigí uile an rí Aisiuéaróis d’fhonn lámh a leagan ar an uile dhuine a bhí ar tí urchóid a dhéanamh dóibh, agus níor fhéad aon duine an fód a



sheasamh in n-aghaidh mar bhí scéin ar an bpobal go léir rompu. <sup>3</sup>Thug lucht ceannais na gcúigí, na satraipí, na gobharnóirí, agus na feidhmeannaigh ríoga lámh chúnata do na Giúdaigh le heagla roimh Mhordacaí, <sup>4</sup>mar ba chumhachtach é Mordacaí i dteaghlach an rí agus bhí a cháil leata ar fud na gcúigí go léir; bhí cumhacht Mhordacaí ag borradh agus ag fás i gcónaí.

<sup>5</sup>D’imir na Giúdaigh faobhar claímh ar a naimhde go léir, á scriosadh agus á marú, agus rinne siad a rogha rud leis an muintir a thug fuath dóibh. <sup>6</sup>I ndúnfort Shúsa féin chuir na Giúdaigh cúig céad fear chun báis, <sup>7</sup>agus go háirithe Pairseandátá, Dalfón, Aspátá, <sup>8</sup>Pórátá, Adailiá, Airíodátá, <sup>9</sup>Parmaisteá, Airíosaí, Airíodaí, agus Iazátá, <sup>10</sup>deichniúr mac Hámán mac Hamadátá, namhaid na nGiúdach; ach creach níor ghabhadar.

<sup>11</sup>Cuireadh an líon a maraíodh i ndúnfort Shúsa in iúl don rí an lá céanna. <sup>12</sup>Agus dúirt an rí leis an mbanríon Eistir: “Mharaigh na Giúdaigh cúig céad fear agus deichniúr mac Hámán chomh maith i ndúnfort Shúsa. Cad é nach bhfuil déanta acu dá réir sin i gcúigí eile an rí! Cén t-iarratas atá agat anois? Tabharfaidh mé duit é. Cén achainí eile atá agat? Níl agat ach é a rá agus gheobhaidh tú é.” <sup>13</sup>Agus dúirt Eistir: “Más toil leis an rí é, bíodh sé de chead ag na Giúdaigh i Súsa déanamh de réir reacht an lae inniu amárach chomh maith. Agus crochtar deichniúr mac Hámán ar an gcroch.” <sup>14</sup>D’ordaigh an rí go ndéanfaí amhlaidh agus eisíodh an reacht i Súsa, agus crochadh deichniúr mac Hámán.

<sup>15</sup>Chruinnigh na Giúdaigh i Súsa le chéile ar an gceathrú lá déag de mhí Adár agus bhásaigh siad trí chéad fear i Súsa, ach gan lámh a leagan ar an gcreach.



<sup>16</sup>Chruinnigh na Giúdaigh eile a bhí ag cur fúthu i gcúigí an rí lena n-anam a chosaint agus fáil réidh lena naimhde. Chuireadar seachtó cúig míle dá n-eascairde chun báis, ach níor leag siad lámh ar an gcreach. <sup>17</sup>Ba é sin an tríú lá déag de mhí Adár, agus cheapadar a suaimhneas ar an gceathrú lá déag agus rinne siad lá fleá agus aoibhnis de. <sup>18</sup>Ach na Giúdaigh a bhí i Súsá, chruinníodar le chéile ar an tríú lá déag agus ar an gceathrú lá déag agus ba ar an gcúigiú lá déag a scoireadar agus a bhí lá fleá agus aoibhnis acu. <sup>19</sup>Uime sin a dhéanann na Giúdaigh, a chónaíonn sna sráidbhailte agus atá ag cur fúthu sna bailte gan bhallaí, lá aoibhnis agus fleá agus saoire den cheathrú lá déag de mhí Adár, agus lá ar a gcuireann siad togha spólaí chun a chéile. <sup>19a</sup>*Ach iad siúd atá ag cur fúthu sna cathracha, is ar an gcúigiú lá déag den mhí a bhíonn an lá aoibhnis acu agus a chuireann siad spólaí chun a chéile.*

## Bunú na Féile Púirím

<sup>20</sup>Chuir Mordacaí na nithe sin go léir ar phár agus sheol sé litreacha chuig na Giúdaigh go léir i gcúigí uile an rí Aisiuéaróis, i gcéin agus i gcóngar, <sup>21</sup>á ordú dóibh an ceathrú lá déag agus an cúigiú lá déag de mhí Adár a cheiliúradh mar fhéile ó bhliain go bliain, <sup>22</sup>mar gur ar na laethanta sin a fuair na Giúdaigh fuascailt óna naimhde agus a rinneadh gáire dá ngol, agus saoire dá gcaoineadh; agus na laethanta sin a bheith ina laethanta fleá agus aoibhnis, agus saoire, agus ina laethanta le spólaí a sheoladh chun a chéile, agus déirc a thabhairt do na boicht.



<sup>23</sup>Bhí tús curtha ag na Giúdaigh leis na cleachtaithe sin, agus anois ghealladar go leanfaidís leo, faoi mar a scríobh Mordacaí chucu ina dtaobh: <sup>24</sup>“Rinne Hámán an tAgágach, mac Hamadátá, namhaid na nGiúdach go léir, ceilg ina n-aghaidh lena scriosadh, agus chaith sé an *púr*, an crann is é sin, chun a scriosta agus a millte. <sup>25</sup>Ach nuair a tháinig Eistir i láthair an rí, thug seisean ordú i scríbhinn go bhfillfeadh an scéim dhanartha a bhí beartaithe aige in aghaidh na nGiúdach sa mhullach air féin, agus go gcrochfaí ar an gcroch é féin agus a chlann mhac. <sup>26</sup>Uime sin a tugadh Púirím ar na laethanta sin, ón bhfocal *púr*.” De bharr ar scríobhadh sa litir sin, agus a bhfaca siad féin, agus ar tharla dóibh, <sup>27</sup>dhearbhaigh na Giúdaigh agus ghabhadar orthu agus ar a sliocht, agus ar chách a ghabh leo, an dá lá sin a cheiliúradh gan teip gach bliain de réir mar a bhí scríofa agus ag an am a bhí ceaptha; <sup>28</sup>agus go gcoimeádfaí cuimhne ar na laethanta sin agus go ndéanfaí iad a chomóradh ó ghlúin go glúin i ngach teaghlach agus cúige agus cathair; agus nach ndéanfaí faillí ar laethanta sin Phúirím go brách i measc na nGiúdach, agus nach rachadh bá ar a gcuimhne i measc a sleachta.

<sup>29</sup>Ansin scríobh an bhanríon Eistir, iníon Aibíochaíl, agus Mordacaí, an Giúdach, go lánúdarásach ag daingniú an dara litir seo faoi Phúirím. <sup>30</sup>Seoladh litreacha chuig na Giúdaigh go léir sa chéad fiche a seacht gcúige de ríocht Aisiuéaróis i mbriathra síochána agus fírinne, <sup>31</sup>á ordú dóibh laethanta seo Phúirím a cheiliúradh an tráth is dual, mar a leag Mordacaí an Giúdach agus an bhanríon Eistir síos do na Giúdaigh, agus mar a ghabh siadsan orthu féin agus ar a sliocht, idir dhualgais troscaidh agus chaointe. <sup>32</sup>Rinne reacht na banríona Eistir an gnás seo Phúirím a shocrú agus cuireadh ar phár é.



## Moladh Dé

**10**Rinne an rí Aisiuéaróis cáin a thobhach ón tír agus ó oileáin na mara. <sup>2</sup>Éachtaí a chumhachta is a chumais, agus tuairisc iomlán ar an ardghradam a bhronn an rí ar Mhordacaí, nach bhfuil sin go léir scríofa i Leabhar Annála Ríthe na Méide agus na Peirse? <sup>3</sup>[Insítear freisin] go raibh Mordacaí an Giúdach i dtánaiste don rí Aisiuéaróis, ionas go raibh a ainm in airde i measc na nGiúdach, agus go raibh ardmheas air ag na sluaite dá bhráithre mar nach raibh uaidh ach leas a phobail féin agus gur síocháin dá chine go léir a chúram.

<sup>3a</sup>Agus dúirt Mordacaí: “Bhí lámh Dé sna gnóthaí sin go léir. <sup>3b</sup>Is cuimhin liom an taibhreamh a rinneadh dom i dtaobh na nithe seo go léir, agus níl aon phioc díobh nár tháinig chun críche: <sup>3c</sup>an tobar beag dá ndearnadh abhainn, agus solas, agus grian agus tulca uisce; Eistir an abhainn, an té a phós an rí agus a ndearna sé banríon di.

<sup>3d</sup>Hámán agus mé féin an dá dhragan. <sup>3e</sup>Iad siúd a d’aontaigh le chéile le hainm na nGiúdach a scrios, iadsan na ciníocha. <sup>3f</sup>Mo chinese, Iosrael, an cine aonair a ghlaoiigh ar Dhia, agus a fuasclaíodh. Sea, d’fhuascaíl an Tiarna a phobal; shaor an Tiarna sinn ó na hurchóidí sin go léir; rinne Dia comharthaí agus éachtaí thar mar a tharla riamh i measc na gciníocha. <sup>3g</sup>Cheap sé dhá chinniúint, aon chinniúint amháin do phobal Dé, agus malairt cinniúna do na ciníocha eile go léir. <sup>3h</sup>Tháinig an dá chinniúint chun críche ar an uair agus ar an uain agus ar lá na breithe i láthair Dé do na ciníocha go léir. <sup>3i</sup>Chuimhnigh Dia mar sin ar a phobal agus chosain sé a oidhreacht. <sup>3j</sup>Beidh na laethanta seo dá bhrí sin, an ceathrú lá déag agus an cúigiú lá déag de mhí Adár, acu



*mar laethanta tionóil agus áthais agus aoibhnis i láthair Dé, ó ghlúin go glúin agus go brách i measc a phobail Iosrael.”*

**11** *Sa cheathrú bliain de réimeas Ptoilimí agus Cleópatra, thug Dóisitéas – fear a dhearbhaigh gur sagart agus Léivíteach é féin – agus a mhac Ptoilimí an litir romhainn faoi Phúirím [go dtí an Éigipt]. Dhearbhaigh siad go raibh sí bailí agus gur tiontaíodh í ag Lisimeachas mac Ptoilimí de chuallacht Iarúsailéim.*

## Nóta

Tá na breiseanna Gréigise sa chló Iodáileach. Sa Vulgáid tugtar tús an leabhair mar 11:2-12:6; an bhreis ag 3:13 mar 13:1-7; an bhreis ag 4:17 mar 13:8-14:9; an bhreis ag 4:8 mar 15:1-3; an bhreis ag 5:1 *et seqq.* mar 15:4-19; an bhreis ag 8:12 mar 16:1-24; an bhreis ag 10:3 mar 10:4-13.

